Ráiteas ón gCoimisinéir Teanga

‘Dul chun cinn suntasach atá i bhfógra an Aire Oideachais go bhfuil critéir nua aontaithe do bhunú Ghaelscoileanna’ – An Coimisinéir Teanga.

Fáiltíonn an Coimisinéir Teanga Rónán Ó Domhnaill roimh fhógra an lae inniu ón Aire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh T.D., go bhfuil cúig bhunscoil as na trí cinn déag a bhunófar idir seo agus 2022 réamhaitheanta mar scoileanna lán-Ghaeilge.

In imscrúdú a rinne an Coimisinéir Teanga sa bhliain 2017 chinn sé gur sháraigh an Roinn Oideachais agus Scileanna forálacha teanga de chuid an Achta Oideachais, 1998 nuair a diúltaíodh d’iarratas ar phátrúnacht do bhunscoil lán-Ghaeilge i gceantar pleanála scoile Dhroim Conrach/Marino/Bhaile Átha Cliath 1.

Chinn an Coimisinéir nár áiríodh go cuí an t-am sin cuspóirí teanga an Achta Oideachais sa phróiseas meastóireachta a bhain le ceapadh pátrúin scoile.

Tá cur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe sin á phlé go leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is dul chun cinn suntasach é fógra an lae inniu, a rachaidh chun sochair don oideachas lán-Ghaeilge, go bhfuil athruithe déanta ar na critéir mheastóireachta a bhaineann leis an bpróiseas pátrúnachta. Ciallaíonn fógra an lae inniu gur chóir go mbeadh an t-oideachas lán-Ghaeilge le fáil mar rogha amach anseo i gceantair ina bhfuil scoil nua le bunú agus nach ann don rogha sin cheana. Is gá freisin go gcinnteodh beartais na Roinne Oideachais agus Scileanna go bhfreastalaítear ar éileamh breise ar an oideachas lán-Ghaeilge agus is ábhar é sin atáthar a phlé go fóill leis an Roinn.

- Críoch –

Tuilleadh Eolais. Colm Ó Coisdealbha
eolas@coimisineir.ie
(091) 504006

Statement from An Coimisinéir Teanga

‘Announcement by the Minister for Education of new criteria for the founding of Gaelscoileanna is a positive development’ – An Coimisinéir Teanga

An Coimisinéir Teanga Rónán Ó Domhnaill has welcomed today’s announcement by the Minister for Education and Skills Joe McHugh, T.D., that 5 of the 13 primary schools to be established between now and 2022 have been predesignated as Irish – medium schools.

In an investigation conducted by An Coimisinéir Teanga in 2017 he ruled that the Department of Education and Skills breached language provisions of the Education Act, 1998, when a patronage application for a new Irish-medium primary school in the Drumcondra/Marino/Dublin 1 school planning area was rejected. An Coimisinéir Teanga ruled that the language objectives of the Education Act were not adequately addressed in the evaluation process for deciding school patrons.

The implementation of the report’s recommendations are a matter of continuing discussion with the Department of Education and Skills. Today’s announcement that the evaluation criteria for the patronage process are being changed is a positive development that will benefit Irish-medium education. It means that the option of an Irish-medium education should be available in the future in areas where a new school is being built but where that option is not available at present. It should also be ensured that the measures introduced by the Department of Education and Skills meet the extra demand for Irish-medium education and that is a matter that is still being discussed with the Department.

-Ends-

Further Info: Colm Ó Coisdealbha
eolas@coimisineir.ie
(091) 504006